An Bord Pleanála

## Fógra maidir le hEolas Suntasach Breise i ndáil le hachomharc reatha i leith úsáid oíche an chórais rúidbhealaigh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath

## Comhairle Contae Fhine Gall

## Iarratas arna Thaisceadh: 18 Nollaig 2020

## Achomharc curtha faoi bhráid an Bhoird: 24 Lúnasa 2022

**Uimhir Thagartha an Chláir Phleanála: F20A/0668**

**Uimhir Thagartha an Achomhairc: ABP-314485-22**

Tugtar fógra leis seo go bhfuil eolas suntasach breise faighte ag an mBord ón iarratasóir, DAA PLC, a mheasann an Bord go bhfuil faisnéis shuntasach bhreise ann ar éifeachtaí na forbartha a bheartaítear ar an gcomhshaol. Fuarthas an t-eolas suntasach breise, lena n-áirítear Forlíonadh Tuarascála um Measúnú Tionchair Timpeallachta, mar fhreagra ar iarratas ar fhaisnéis bhreise ó fhógra a eisíodh ón mBord Pleanála an 26 Bealtaine 2023. Baineann an cás seo le hachomhairc a rinneadh chuig an mBord Pleanála i gcoinne cinnidh a rinne Comhairle Contae Fhine Gall an 8 Lúnasa 2022, ar a bhfuil an uimhir thagartha pleanála thuas, ar cinneadh é sin cead a thabhairt le coinníollacha do DAA PLC chun 'gníomh ábhartha' a dhéanamh laistigh de bhrí Alt 34C den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 amháin, arna leasú, ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, Co. Bhaile Átha Cliath, sna bailte fearainn seo: Baile Choilín, Tobar Buinne, An Coimín, Clochrán, An Corrbhaile, Coltraí, Port Mhaológ, Baile Anraí, Cnoc na Seangán, Cnoc an Ghainimh, Baile an Huntaigh, Baile an Phiocardaigh, Dún Bró, Ceann an Mhuilinn, Baile an Rí, Baile an Bharbaigh, An Fhoraois Mhór, An Fhoraois Bheag agus An Charraig ar shuíomh c. 580 heicteár. Baineann an gníomh ábhartha atá beartaithe le húsáid oíche an chórais rúidbhealaigh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Baineann sé le leasú ar an srian oibriúcháin atá leagtha amach i gcoinníoll uimh. 3(d) agus athsholáthar an tsriain oibriúcháin i gcoinníoll uimh. 5 de Chead Pleanála an Rúidbhealaigh Thuaidh (Comhairle Contae Fhine Gall Uimh. Thag. F04A/1755; ABP Uimh. Thag. PL06F.217429, arna leasú ag Comhairle Contae Fhine Gall F19A/0023, ABP Uimh. Thag. ABP-305289-19), chomh maith le bearta nua maolaithe torainn a mholadh. Níor tháinig coinníollacha uimh. 3(d) agus 5 i bhfeidhm go fóill, toisc go bhfuil tógáil an Rúidbhealaigh Thuaidh de bhun Chead Pleanála an Rúidbhealaigh Thuaidh ar siúl. Is é an gníomh ábhartha molta, dá gceadófaí é, ná deireadh a chur leis an teorainn uimhriúil ar líon na n-eitiltí a cheadaítear idir na huaireanta 11pm agus 7am go laethúil atá le teacht i bhfeidhm de réir Chead Pleanála an Rúidbhealaigh Thuaidh agus cuóta bliantúil torainn oíche idir na huaireanta 11.30pm agus 6am a chur ina ionad agus ceadú, ina theannta sin d'eitiltí éirí de thalamh agus/nó tuirlingt ar an Rúidbhealach Thuaidh (Rúidbhealach 10L 28R) ar feadh 2 uair sa bhreis i.e. 2300 a chlog go 2400 a chlog agus 0600 a chlog an chloig go dtí 0700 a chlog. Tríd is tríd, cheadódh sé seo méadú ar líon na n-eitiltí ag éirí de thalamh agus/nó ag tuirlingt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath idir 2300 a chlog agus 0700 a chlog sa bhreis ar an líon atá sonraithe i gcoinníoll uimh. 5 de Chead Pleanála an Rúidbhealaigh Thuaidh, de réir an chuóta bhliantúil torainn oíche.

Is é an gníomh ábhartha de bhun Alt 34C(1)(a): Leasú a dhéanamh ar choinníoll uimh. 3(d) de Chead Pleanála an Rúidbhealaigh Thuaidh (Comhairle Contae Fhine Gall Uimh. Thag. F04A/1755; ABP Uimh. Thag.: PL06F.217429 arna leasú ag Comhairle Contae Fhine Gall F19A/0023, ABP Uimh. Thag. ABP-305289-19). Luaitear an méid seo a leanas i gCoinníoll 3(d) agus sna heisceachtaí ag deireadh Choinníoll 3: '3(d). Ní úsáidfear rúidbhealach 10L-28R le haghaidh éirí de thalamh nó tuirlingthe idir 2300 a chlog agus 0700 a chlog ach amháin i gcásanna sábháilteachta, cúinsí cothabhála, dálaí eisceachtúla aerthráchta, drochaimsir, lochtanna teicniúla i gcórais rialaithe aerthráchta nó éigeandálaí dearbhaithe ag aerfoirt eile.' Tá cead á lorg chun an coinníoll thuas a leasú ionas go léifidh sé: 'Ní úsáidfear rúidbhealach 10L-28R le haghaidh éirí de thalamh nó tuirlingthe idir 0000 a chlog agus 0559 a chlog ach amháin i gcásanna sábháilteachta, cúinsí cothabhála, dálaí eisceachtúla aerthráchta, drochaimsir, lochtanna teicniúla i gcórais rialaithe aerthráchta nó éigeandálaí dearbhaithe. aerfoirt nó áit a bhfuil fad Rúidbhealach 10L-28R ag teastáil le haghaidh cineál sonrach aerárthaigh.' D'athródh glanéifeacht an athraithe bheartaithe, dá gceadófaí é, gnáthuaireanta oibriúcháin an Rúidbhealaigh Thuaidh ó 0700 a chlog go 2300 a chlog go 0600 a chlog go 0000 a chlog. Is é an gníomh ábhartha freisin: Coinníoll uimh. 5 de Chead Pleanála an Rúidbhealaigh Thuaidh (Comhairle Contae Fhine Gall Uimh. Thag. F04A/1755; ABP Uimh. Thag.: PL06F.217429 arna leasú ag Comhairle Contae Fhine Gall F19A/0023, ABP Uimh. Thag. ABP-305289-19) ina bhforáiltear mar seo a leanas: '5. Ar chríoch thógáil an rúidbhealaigh a cheadaítear leis seo, ní rachaidh meánlíon na ngluaiseachtaí aerárthaí oíche ag an aerfort thar 65 in aghaidh na hoíche (idir 2300 a chlog agus 0700 a chlog) nuair a thomhaistear é thar an tréimhse samhaltaithe 92 lá mar atá leagtha amach sa fhreagra ar an iarratas ar eolas breise a fuair an Bord Pleanála ar an 5ú lá de Mhárta, 2007. An chúis: Minicíocht na n-eitiltí oíche ag an aerfort a rialú chun taitneamhacht chónaithe a chosaint ag féachaint don eolas a cuireadh isteach maidir le húsáid oíche amach anseo ar an rúidbhealach comhthreomhar atá ann faoi láthair.' a chealú agus an méid seo a leanas a chur ina ionad: 'Tá córas cuóta torainn á mholadh do thorann oíche ag an aerfort. Beidh an t-aerfort faoi réir cuóta bliantúil torainn 7990 idir na huaireanta 2330 a chlog agus 0600 a chlog.' I dteannta leis an gcuóta torainn oíche atá beartaithe, molann an gníomh ábhartha na bearta maolaithe torainn seo a leanas: - Scéim deontais inslithe torainn le haghaidh teaghaisí incháilithe laistigh de chomhrianta sonracha torainn oíche; - Creat mionsonraithe Monatóireachta Torainn chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht torainn a dtuairisceofar na torthaí go bliantúil don Údarás Inniúil um Thorann Aerárthaí (ANCA), i gcomhréir leis an Acht um Rialáil Torainn Aerárthaigh (Aerfort Bhaile Átha Cliath) 2019. Ní lorgaíonn an gníomh ábhartha molta aon leasú ar choinníollacha Chead Pleanála an Rúidbhealaigh Thuaidh a rialaíonn oibriú ginearálta an chórais rúidbhealaigh (i.e., coinníollacha nach mbaineann go sonrach le húsáid oíche, eadhon coinníollacha uimh. 3(a), 3(b), 3(c) agus 4 de Chead Pleanála an Rúidbhealaigh Thuaidh) nó aon leasú ar acmhainn bhliantúil ceadaithe phaisinéirí na gCríochfort ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Forálann coinníoll uimh. 3 de Chead Pleanála an Chríochfoirt 2 (Comhairle Contae Fhine Gall Uimh. Thag. F04A/1755; ABP Uimh. Thag. PL06F.220670) agus coinníoll uimh. 2 de Chead Pleanála Sínte Chríochfort 1 (Comhairle Contae Fhine Gall, Uimh. Thag. F06A/1843; ABP Uimh. Thag. PL06F.223469) nach sáróidh acmhainn chomhcheangailte Chríochfort 1 agus Chríochfort 2 i dteannta a chéile 32 milliún paisinéirí sa bhliain.

**Beidh an t-eolas breise a chuir an tIarratasóir isteach, lena n-áirítear Forlíonadh Tuarascála um Measúnú Tionchair Timpeallachta, ar fáil lena iniúchadh agus/nó lena ceannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh in oifigí Chomhairle Contae Fhine Gall, Halla an Chontae, An Phríomhshráid, Sord, Co, Baile Átha Cliath, K67 X8Y2 agus/nó An Bord Pleanála, 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1.**

**Is féidir an t-eolas bhreise a cuireadh isteach a fheiceáil nó a íoslódáil ar an suíomh Gréasáin seo a leanas: https://www.pleanala.ie/ga-ie/case/314485**

Féadfaidh aon duine aighneachtaí nó tuairimí scríofa a chur faoi bhráid an Bhoird maidir leis an eolas breise laistigh de **chúig seachtaine** ag tosú ar dháta foilsithe an fhógra seo. Ní mór táille reachtúil **€50** a bheith ag gabháil le haon aighneachtaí nó tuairimí den sórt sin, ach amháin má dhéanann comhlachtaí forordaithe áirithe nó rannpháirtithe reatha na haighneachtaí nó na tuairimí, agus ba chóir iad a sheoladh chuig an Rúnaí, An Bord Pleanála, 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1.

**Dáta foilsithe: 2023**

## Notice of Significant Additional Information in relation to a current appeal in respect of night-time use of the runway system at Dublin Airport

## Fingal County Council

## Application Lodged: 18th December 2020

## Appeal lodged to the Board: 24th August 2022

**Planning Register Reference Number: F20A/0668**

**Appeal Reference Number: ABP-314485-22**

Notice is hereby given that the Board has received significant additional information from the applicant, DAA PLC, which the Board considers contains significant additional information on the effects on the environment of the proposed development. The significant additional information, which includes an Environmental Impact Assessment Report Supplement, was received in response to a request for additional information from a notice which issued from An Bord Pleanála on 26th May 2023. This case relates to appeals made to An Bord Pleanála against a decision made on 8th August 2022 by Fingal County Council, bearing the above planning reference number which decision was to grant permission with conditions to DAA PLC for the taking of a 'relevant action' only within the meaning of Section 34C of the Planning and Development Act 2000, as amended, at Dublin Airport, Co. Dublin, in the townlands of Collinstown, Toberbunny, Commons, Cloghran, Corballis, Coultry, Portmellick, Harristown, Shanganhill, Sandyhill, Huntstown, Pickardstown, Dunbro, Millhead, Kingstown, Barberstown, Forrest Great, Forrest Little and Rock on a site of c. 580 ha. The proposed relevant action relates to the night-time use of the runway system at Dublin Airport. It involves the amendment of the operating restriction set out in condition no. 3(d) and the replacement of the operating restriction in condition no. 5 of the North Runway Planning Permission (Fingal County Council Reg. Ref. No. F04A/1755; ABP Ref. No. PL06F.217429 as amended by Fingal County Council F19A/0023, ABP Ref. No. ABP-305289-19), as well as proposing new noise mitigation measures. Conditions no. 3(d) and 5 have not yet come into effect or operation, as the construction of the North Runway on foot of the North Runway Planning Permission is ongoing. The proposed relevant action, if permitted, would be to remove the numerical cap on the number of flights permitted between the hours of 11pm and 7am daily that is due to come into effect in accordance with the North Runway Planning Permission and to replace it with an annual night-time noise quota between the hours of 11.30pm and 6am and also to allow flights to take off from and/or land on the North Runway (Runway 10L 28R) for an additional 2 hours i.e. 2300 hrs to 2400hrs and 0600 hrs to 0700 hrs. Overall, this would allow for an increase in the number of flights taking off and/or landing at Dublin Airport between 2300 hrs and 0700 hrs over and above the number stipulated in condition no. 5 of the North Runway Planning Permission, in accordance with the annual night time noise quota.

The relevant action pursuant to Section 34C (1) (a) is: To amend condition no. 3(d) of the North Runway Planning Permission (Fingal County Council Reg. Ref. No. F04A/1755; ABP Ref. No.: PL06F.217429 as amended by Fingal County Council F19A/0023, ABP Ref. No. ABP-305289-19). Condition 3(d) and the exceptions at the end of Condition 3 state the following: '3(d). Runway 10L-28R shall not be used for take-off or landing between 2300 hours and 0700 hours except in cases of safety, maintenance considerations, exceptional air traffic conditions, adverse weather, technical faults in air traffic control systems or declared emergencies at other airports.' Permission is being sought to amend the above condition so that it reads: 'Runway 10L-28R shall not be used for take-off or landing between 0000 hours and 0559 hours except in cases of safety, maintenance considerations, exceptional air traffic conditions, adverse weather, technical faults in air traffic control systems or declared emergencies at other airports or where Runway 10L-28R length is required for a specific aircraft type.' The net effect of the proposed change, if permitted, would change the normal operating hours of the North Runway from the 0700hrs to 2300 hrs to 0600 hrs to 0000 hrs. The relevant action also is: To replace condition no. 5 of the North Runway Planning Permission (Fingal County Council Reg. Ref. No. F04A/1755; ABP Ref. No.: PL06F.217429 as amended by Fingal County Council F19A/0023, ABP Ref. No. ABP-305289-19) which provides as follows: '5. On completion of construction of the runway hereby permitted, the average number of night time aircraft movements at the airport shall not exceed 65/night (between 2300 hours and 0700 hours) when measured over the 92 day modelling period as set out in the reply to the further information request received by An Bord Pleanála on the 5th day of March, 2007. Reason: To control the frequency of night flights at the airport so as to protect residential amenity having regard to the information submitted concerning future night time use of the existing parallel runway.' With the following: 'A noise quota system is proposed for night time noise at the airport. The airport shall be subject to an annual noise quota of 7990 between the hours of 2330hrs and 0600hrs.' In addition to the proposed night time noise quota, the relevant action also proposes the following noise mitigation measures: - A noise insulation grant scheme for eligible dwellings within specific night noise contours; - A detailed Noise Monitoring Framework to monitor the noise performance with results to be reported annually to the Aircraft Noise Competent Authority (ANCA), in compliance with the Aircraft Noise (Dublin Airport) Regulation Act 2019. The proposed relevant action does not seek any amendment of conditions of the North Runway Planning Permission governing the general operation of the runway system (i.e., conditions which are not specific to nighttime use, namely conditions no. 3 (a), 3(b), 3(c) and 4 of the North Runway Planning Permission) or any amendment of permitted annual passenger capacity of the Terminals at Dublin Airport. Condition no. 3 of the Terminal 2 Planning Permission (Fingal County Council Reg. Ref. No. F04A/1755; ABP Ref. No. PL06F.220670) and condition no. 2 of the Terminal 1 Extension Planning Permission (Fingal County Council Reg. Ref. No. F06A/1843; ABP Ref. No. PL06F.223469) provide that the combined capacity of Terminal 1 and Terminal 2 together shall not exceed 32 million passengers per annum.

**The additional information submitted by the Applicant including an Environmental Impact Assessment Report Supplement will be available for inspection and/or for purchase at a fee not exceeding the reasonable cost of making a copy at the offices of Fingal County Council, County Hall, Main Street, Swords, Co, Dublin, K67 X8Y2 and/or An Bord Pleanála, 64 Marlborough Street, Dublin 1.**

**The additional information submitted may also be viewed/downloaded on the following website: https://www.pleanala.ie/en-ie/case/314485**

Any person may make written submissions or observations to the Board in relation to the additional information within **five weeks** beginning on the date of publication of this notice. Any such submissions or observations must be accompanied by the statutory fee of **€50**, unless the submissions or observations are made by certain prescribed bodies or existing participants, and should be addressed to The Secretary, An Bord Pleanála, 64 Marlborough Street, Dublin 1.

**Date of publication: 2023**

Irish Times 40x6 (265) GF